



Athbhreithniú 2017 ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí

*Údarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Cúirt Iveagh
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2*

Bealtaine 2017

Achoimre Fheidhmeach

Cúlra

Thug an Coimisiún Um Rialáil Tacsaithe isteach an Struchtúr Uastáille Náisiúnta Tacsáí i mí Mheán Fómhair 2006, a chuir struchtúr aontaithe taraife i bhfeidhm ar gach tacsáí in Éirinn. Ó shin, déantar Athbhreithniú Uastáille timpeall gach dhá bhliain chun deis a thabhairt athruithe a dhéanamh ar na costais oibriúcháin agus ar an timpeallacht mhargaidh atá i ndán don tionscal tacsaithe. Is é an t-Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) atá freagrach as cur i bhfeidhm an athbhreithnithe ó 2011. Mar chuid den Athbhreithniú Uastáille i 2014, fóraíodh na gnéithe éagsúla a bhaineann le hoibriú tacsáí agus athbhunaíodh an t-Innéacs Costas Tacsaithe (ICT).

Cuspóirí an Athbhreithniú Táille i 2017

Is iad cuspóirí an athbhreithnithe reatha ná:

- An meánleibhéal gníomhaíochta tacsaithe i mbliain a thomhais, bunaithe ar shonraí ó shuirbhéanna, ar thorthaí taighde agus ar shonraí an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO);
- Gach gné d’Innéacs Costas Tacsaithe (TCI) a nuashonrú, agus “costas seasta” an mheántacsáí, agus costais reatha an mheántacsáí curtha san áireamh, bunaithe ar leibhéil ghníomhaíochta sainithe agus ar chostais saothair; agus
- Cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an ceart uastáillí a mhéadú, a laghdú nó a choimeád ar na leibhéil reatha.

Moltaí ó athbhreithnithe roimhe seo

Moladh san athbhreithniú i 2010 gan aon athrú a dhéanamh ar an uastáille. Moladh san athbhreithniú in 2012 ardú de thart ar 4% a chur i bhfeidhm ar tháillí, i dteannta le simpliú an struchtúr táillí, ach níor cuireadh na moltaí sin i bhfeidhm. Moladh in athbhreithniú 2014 laghdú a dhéanamh ar an táille thosaigh (an fad agus an méid ama atá san áireamh a laghdú), caighdeánú ar an ardú idir taraif chaighdeánach agus taraif ard go dtí 25%, agus cealú Taraif C (chuir Taraif C ráta ardaithe i bhfeidhm ar thurais os cionn 30km nó 85 nóiméad). Moladh in athbhreithniú 2014 freisin méadú foriomlán de 4% a dhéanamh ar tháillí, chun athrú a dhéanamh le haghaidh meánmhéadaithe ar chostais oibriúcháin tacsaithe agus le méadú ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí (PIT), leis an athrú ar an táille thosaigh agus le cailleanas an Taraif C a chúiteamh, más ábhartha.

Staid an mhargaidh 2017

Cobhsaíodh an t-éileamh ar sheirbhísí tacsaithe ó rinneadh an t-athbhreithniú is deireanaí mar gheall ar an téarnamh geilleagrach leanúnach. Táthar ag súil go méadóidh éileamh thar an dá bhliain seo chugainn, ag feitheamh ar fheabhais ar staitisticí fostaíochta, ar mhuinín tomhaltóirí, ar éileamh agus ar fhás eacnamaíoch ginearálta.

Aontaíonn tuairim is trí cheathrú den phobal go soláthraíonn tacsaithe seirbhís mhaith de ghnáth, dar le suirbhé ar theaghlaigh a choimisiúnaigh an NTA. Measann níos mó ná leath den phobal go bhfuil praghsanna tacsáí go maith ó thaobh luach ar airgead de, dar leis an suirbhé céanna. Bhí 94% díobh siúd a ghlac páirt sa suirbhé réasúnta sásta nó an-sásta leis an tseirbhís a soláthraíodh don turas tacsáí is deireanaí acu.

Innéacs Costas Tacsaithe - Modheolaíocht

Bhí an t-athbhreithniú i mbliana ag teacht le modheolaíocht athbhreithniú 2014. Bhí measúnú ar na gnéithe, ar na boinn tuisceana agus ar an modheolaíocht a úsáideadh san Innéacs Costas Tacsaithe cuimsithe in Athbhreithniú 2014.

An tInnéacs Costas Tacsaithe - Fionnachtana

Athbhreithníodh uastáillí i ndiaidh athbhreithniú 2014, agus mar sin, ba bhliain ábhartha í 2014 ó thaobh comparáidí maidir leis an Innéacs Costas Tacsaithe de.

Nuair a dhéantar comparáid idir an tInnéacs Costas Tacsaithe do 2014 agus do 2016 agus úsáid á baint as míleáiste bliantúil 32,624km, bunaithe ar shonraí an CSO, is é an méadú ar an innéacs ná 3.2%. Ba chóir a lua go mbeadh laghdú 2% curtha i bhfeidhm ar an leibhéal bliantúil míleáiste de 49,000km, arb é an meánleibhéal gníomhaíochta a tuairiscíodh sna suirbhéanna tiománaithe tacsaithe. Meastar, áfach, go bhfuil figiúr an mhíleáiste bhliantúil de chuid CSO, a fhaightear as sonraí NCT, níos cruinne.

Clár an Ábhair

Achoimre Fheidhmeach	ii
Clár an Ábhair	iv
1. Réamhrá	1
1.1 Cúlra.....	1
1.2 Cuspóirí an Athbhreithnithe	1
1.3 Struchtúr na tuarascála	1
2. Cúlra Athbhreithniú Náisiúnta 2017 ar Uastáilí Tacsaithe	2
2.1 Forléargas ar Thionscal Tacsaithe na hÉireann	2
2.2 An tUastáille Náisiúnta Tacsáí	2
2.3 Athbhreithnithe ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí Roimhe Seo.....	3
3. Staid reatha an mhargaidh	4
3.1 Réamhrá	4
3.2 An timpeallacht eacnamaíoch	4
3.3 Éileamh margaidh.....	6
3.4 Soláthar margaidh	11
Soláthar Comhiomlán seirbhísí tacsáí	11
Dáileadh réigiúnach soláthair.....	12
3.5 Staid an mhargaidh ag an struchtúr táillí reatha.....	13
3.6 Conclúidí	14
4. An tInnéacs Costas Tacsáí.....	16
4.1 Cúlra.....	16
4.2 Cuspóirí agus struchtúr an innéacs.....	16
4.3 Cur chuige i dtreo an Innéacs Costas Tacsaithe a ríomh	16
4.4 Príomhbhoinn Tuisceana.....	16
4.4.1 Leibhéal ghníomhaíochta	16
4.4.2 Costais Saothair	17
4.4.3 Cineál breosla	18
4.4.4 Cineálacha cairr	18
4.5 Innéacs Costas Tacsáí 2017	18
4.5.1 Costais reatha	19
4.5.2 Costais seasta	21
4.5.3 Costais saothair	23
4.5.4 Costais iomlána.....	23
4.6 Achoimre agus Conclúid	24
5. Leasú an struchtúr táille	26
5.1 Leasú an struchtúr táille	26
6. Fionnachtana agus conclúidí	27
6.1 Téarnamh an mhargaidh ar siúl.....	27
6.2 Athruithe ar chostais oibriúcháin an tionscail.....	27
Aguisín A – Meastachán a dhéanamh ar Leibhéal Ghníomhaíochta bunaithe ar shonraí CSO.....	28
Aguisín B – Athruithe ar ICT: 2010 - 2014	30

1. Réamhrá

1.1 Cúlra

Thug an Coimisiún Um Rialáil Tacsaithe isteach an Struchtúr Uastáille Náisiúnta Tacsáí i mí Mheán Fómhair 2006, a chuir struchtúr aontaithe taraife i bhfeidhm ar gach tacsáí in Éirinn. Ó shin, déantar athbhreithniú ar an uastáille timpeall gach dhá bhliain, chun aon choigeartú maidir le hathruithe ar na costais oibriúcháin a mheas chomh maith le timpeallacht an mhargaidh atá i ndán don tionscal tacsáí. Is é an t-Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) atá freagrach as na hAthbhreithnithe Uastáille a dhéanamh ó bhí 2011 ann.

Sonraítear sa tuarascáil seo cur chuige agus torthaí an Athbhreithniú Uastáillí i 2017 Náisiúnta Tacsaithe (an t-Athbhreithniú Uastáillí). Ba i Márta agus Aibreán 2017 a rinneadh an t-athbhreithniú seo.

1.2 Cuspóirí an Athbhreithnithe

Ba iad cuspóirí an Athbhreithniú Náisiúnta Uastáillí Tacsaithe i 2017 ná:

- Costas oibriúcháin tacsáí a dhearbhu trí hInnéacs Costas Tacsaithe (ICT) a ríomh. Cuimsíonn sé sin fóir na ngnéithe éagsúla costais agus athbhunú iomlán costas, agus béim faoi leith curtha ar thuiscint níos cruinne a fháil ar chostais saothair agus ar leibhéil ghníomhaíochta;
- Dearbhú an ceart na leibhéil reatha uastáille a mhéadú, a laghdú nó a choimeád; agus
- Oiriúnacht an struchtúr reatha táille a mheas.

1.3 Struchtúr na tuarascála

Tá struchtúr na tuarascála seo mínithe thíos:

- Soláthraíonn Cuid 2 comhthéacs don athbhreithniú reatha, agus cur síos á thabhairt ar na hathbhreithnithe roimhe seo agus na moltaí deireanacha don struchtúr táillí á míniú;
- Míníonn Cuid 3 forbairtí ar an margadh ó thaobh an tionscail, ó thaobh an gheilleagair níos leithne, ar shaintréithe an tsoláthair agus an éilimh atá le tabhairt faoi deara i margadh na hÉireann;
- Tá atháireamh ar an ICT i gCuid 4. Úsáidtear torthaí an ICT chun athruithe ar chostais oibriúcháin an tionscail ó 2014 a shocrú;
- Tugann Cuid 5 breac-chuntas ar an réasúnaíocht atá taobh thiar den athrú ar an struchtúr táillí agus ar na roghanna maidir leis; agus
- Míníonn Cuid 6 torthaí na tuarascála agus cuirtear moladh i láthair maidir le leibhéal an uastáille agus a struchtúr. Déantar breac-chuntas ar mheasúnú tionchair na moltaí maidir le táillí ar an tionscal agus ar thomhaltóirí.

2. Cúlra Athbhreithniú Náisiúnta 2017 ar Uastáilí Tacsaithe

2.1 Forléargas ar Thionscal Tacsaithe na hÉireann

Tá an tionscal Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSV) déanta suas de hacnaithe, limisíní agus tacsaithe. Baineann an t-Athbhreithniú Uastáile leis an bhflít tacsaithe amháin, tacsaithe oiriúnacha do chathaoir rothaí (TOCRanna) san áireamh, atá comhionann le 82% den fhlít SPSV in Éirinn. I ndiaidh dírialáil an mhargaidh ag deireadh 2000 méadaíodh líon na dtacsaithe in Éirinn ó 4,218 suas go buaic 21,213 in 2008, agus ó sin tá sé imithe i laghad go 16,983 i mí Feabhra 2017.

Tá an t-Údarás Náisiúnta Iompair freagrach as rialáil an tionscail Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSV) in Éirinn. Cuimsíonn an fhreagracht seo táillí tacsai a rialáil. Ghlac sé an ról seo ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe i 2011.

I 2013, leis Acht Um Rialáil Tacsaithe leagadh amach roinnt rialachán nua um SPSV, a bhí deartha chun caighdeán sa tionscal a fheabhsú. Le tabhairt isteach rialachán nua um brandáil tacsaithe in 2012, an uasteorainn aoise agus cionta muirir sheasta cuireadh níos béime sa tionscal ar cháilíocht.

2.2 An tUastáile Náisiúnta Tacsai

Ba é an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe a bhunaigh struchtúr an Uastáile Náisiúnta Tacsai i mí Mheán Fómhair 2006. Roimhe sin, bhí struchtúir difriúla i bhfeidhm i 34 cheantar tacsaiméadair ar leith. Leis an Uastáile Náisiúnta Tacsaithe cruthaítear struchtúr aontaithe agus comhsheasmhach táille le haghaidh Phoblacht na hÉireann. Is iad na cuspóirí eile a bhí i gceist ná gur chóir go mbeadh na táillí simplí, trédhearcach agus ríofa ar bhonn ama agus faid, agus méadar réamhchhláraithe á úsáid, agus gach ní breise curtha san áireamh san uastáile a ríomhfaí ar an méadar.

I ndiaidh Athbhreithniú ar an Uastáile Náisiúnta Tacsai i 2014, simplíodh an struchtúr táillí níos mó. Laghdaíodh an méid bandaí taraife ó thrí cinn go dhá cheann. Tá an cárta uastáile reatha leagtha amach thíos:

Figióir 2.1: An Cárta Reatha Uastáille Náisiúnta Tacsáí

		Táille Tosaigh	Taraif A	Taraif B
		<i>Suas go 0.5 km nó 83 soic</i>	<i>An chéad 14.5 km nó 41 nóim. eile</i>	<i>Ina dhiaidh sin</i>
I bhfeidhm				
Ráta Caighdeánach (Taispeánta mar 1 ar an tacsaiméadar)	8am go dtí 8pm Luan go Satharn (seachas laethanta saoire poiblí)	€3.60	€1.10 an km nó €0.39 an nóiméad Suas go méid iomlán de €19.60	€1.45 an km nó €0.51 an nóiméad
Ardráta (Taispeánta mar 2 ar an tacsaiméadar)	8pm go dtí 8am Luan go Satharn, an Domhnach ar fad, an chuid is mó de laethanta saoire poiblí	€4.00	€1.40 an km nó €0.49 an nóiméad Suas go méid iomlán de €24.40	€1.75 an km nó €0.62 an nóiméad
Ardráta Speisialta (taispeánta mar 3 ar an tacsaiméadar)	8pm an 24 Nollaig go dtí 8am an 26 Nollaig, 8pm an 31 Nollaig go dtí 8am an 1 Eanáir	€4.00	€1.75 an km nó €0.62 an nóiméad	

Foinse: An tÚdarás Náisiúnta Iompair

2.3 Athbhreithnithe ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí Roimhe Seo

I 2008, tar éis gur tugadh faoi deara méadú 8.3% ar an ICT, cuireadh méadú 8.3% i bhfeidhm ar leibhéil táille, i dteannta le hardrátaí speisialta i rith tréimhse na Nollag agus Oíche Chinn Bliana.

Moladh san Athbhreithniú ar an Uastáille i 2010 nár chóir aon athrú a dhéanamh ar leibhéil táille 2008. Moladh, áfach, go smaoineofaí ar dheireadh a chur le Taraif C chun an struchtúr táille a shimpliú. Ag an am sin bhí trí bhanda taraife sa chárta uastáille. Bhain Taraif A leis an gcéad 14km/40 nóiméad tar éis an táille thosaigh. Bhain Taraif B leis an 15km/42 nóiméad ina dhiaidh sin. Bhain Taraif C le gach saghas taistil os cionn 30km/85 nóiméid.

Moladh san athbhreithniú i 2012 méadú circa 4% ar an táille a chur i bhfeidhm, i dteannta le simpliú an struchtúr táille. Moladh deireadh a chur le Taraif C agus an táille thosaigh a laghdú. Níor cuireadh na moltaí sin i bhfeidhm mar gur dhiúltaigh an Tionscal SPSV don mhéadú ar tháillí agus do shimpliú an struchtúr táillí.

Moladh san athbhreithniú i 2014 méadú a dhéanamh ar an táille agus athruithe éagsúla a dhéanamh ar struchtúr an chárta rátaí. Ba iad na athruithe a moladh ná: deireadh a chur le Taraif C, an táille thosaigh a laghdú, agus soiléiriú a dhéanamh ar chóras na n-ardrátaí le haghaidh obair oíche, oibre ag an deireadh seachtaine, agus le haghaidh oibre ar Lá Nollag agus ar Lá Caille. Chuir an NTA formhór na n-athruithe sin i bhfeidhm i mí Aibreáin 2015. Tá an cárta rátaí leagtha amach i bhFigióir 2.1.

3. Staid reatha an mhargaidh


3.1 Réamhrá

Sa chuid seo den tuarascáil tugtar cuntas ar staid reatha an éilimh sa tionscal tacsáí. Tá tuiscint ar na saintréithe seo riachtanach le haghaidh chun cinnteoireacht fheasach a dhéanamh maidir le cúrsaí beartais. Seo a leanas struchtúr na coda: Le cur síos gairid ar an timpeallacht eacnamaíoch reatha tugtar an comhthéacs ina bhfuil an tionscal tacsaithe ag feidhmiú. Ina dhiaidh sin, tá próifíl de staid éileamh reatha an mhargaidh ina ndéantar measúnú ar na treochtaí, ar shaintréithe, agus ar phatrúin an éilimh ar thacsaithe. Ina dhiaidh sin, tugtar breac-chuntas ar sholáthar comhiomlán tacsaithe agus miondealú déanta ar sholáthar de réir réigiúin. Pléitear tuairimí ar luach ar airgead agus ar leibhéil lascainithe.

3.2 An timpeallacht eacnamaíoch

Tá geilleagar na hÉireann ag fás go daingean ó 2014, nuair a tháinig tús leis an téarnamh ón gcúlú eacnamaíochta i 2008. Meastar anois go gcoinneofar an fás sin ar sna blianta amach romhainn, mar a léirítear i bhFigiúr 3.1 thíos.

Figiúr 3.1: Fás OTI in Éirinn 2015 – 2021*




*Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) agus an Roinn Airgeadais (Ionchas Eacnamaíoch agus Fioscach 2017)
Tabhair faoi deara: réamhaisnéisí sonraithe ag **

Ní thugann na rátaí ollmhóra fáis a taifeadadh san OTI i 2015 cuntas maith ar dhálaí bunúsacha sa gheilleagar. Chuaigh cuid bheag d'idirbhearta móra a rinne gnólachtaí idirnáisiúnta i bhfeidhm ar fhigiúir na bliana sin, mar go raibh tionchar díréireach acu ar ioncam agus aschur in Éirinn mar gheilleagar beag oscailte. Dá bharr sin, tá sé stuama athróg ionadach a úsáid atá neamhchlaonta a chun téarnamh na hÉireann tar éis ghéarchéimeanna 2008 a mheas. Sa chás seo úsáideadh an ráta náisiúnta dífhostaíochta chun feabhsuithe ar mhargadh saothair na hÉireann a shonrú agus ar an ngeilleagar níos leithne dá réir sin.

Tá dífhostaíocht ag dul i laghad go seasta le roinnt blianta anuas. Thar an tréimhse idir Eanáir 2015 agus Eanáir 2017, laghdaigh an ráta dífhostaíochta atá coigeartaithe de réir séasúir, ó 10.2% síos go dtí 6.7%. Tuartar go leanfaidh an treocht feabhais seo ar aghaidh thar na blianta amach anseo, agus is dócha go dtarlóidh fás breise ar chaiteachas tomhaltóirí dá bharr.


Tá ioncam indiúscartha iomlán imithe i méid ón Athbhreithniú Uastáille is deireanaí. Faoi dheireadh 2016, shroich ollioncam indiúscartha bliantúil leibhéal a bhí 19% níos airde ná an bhuaic roimhe sin a sroicheadh i 2007. Tá caiteachas tomhaltóirí ar earraí agus ar sheirbhísí tar éis dul i méid de réir mar a tháinig téarnamh ar ioncam agus aschur. Is le haghaidh 2016 iad na figiúir is deireanaí do thomhaltas. Faoi 2016, sháraigh caiteachas iomlán tomhaltais ar earraí agus ar sheirbhísí ag 1.4% an bhuaic tomhaltais a sroicheadh roimhe sin i 2008. Cé go bhfuiltear ag súil go bhfásfaidh tomhaltas go ceann i bhfad, táthar ag súil go maolóidh fás tomhaltais, rud a léireoidh an leibhéal éilimh fholaigh a bhí ann sa gheilleagar mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta fada.

Figiúr 3.2: Caiteachas tomhaltóirí 2004-2016



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

Figiúr 3.3: An tInnéacs Seintimint Custaiméirí (ISC)



Foinse: KBC/ESRI

Tá seintimint tomhaltóirí feabhsaithe go ginearálta ó 2014, de réir mar a leanann an fás eacnamaíoch ar aghaidh agus mar a thagann méadú ar fhostaíocht. Tar éis buaic cúig bliana déag a sroicheadh i bhFeabhra 2016, áfach, chuaigh seintimint thomhaltóirí na hÉireann i laghad sa chuid dheireanach de 2016, rud a bhriseann an treocht suas a chonacthas sna blianta roimhe sin. Laghdaigh Innéacs Seintimint Custaiméirí KBC/ESRI¹ síos go 96.2 i Nollaig 2016, an ráta ab ísle a chonacthas le 22 mhí (cé go raibh sé méadaithe arís go 101.9 i Márta 2017). Tá an tseintimint reatha fós ag teacht leis an bhfás leanúnach ar chaiteachas tomhaltóirí, ach thóg KBC faoi deara go gcuireann torthaí an tsuirbhé i mí an Mhárta béim ar theorainneacha ar fheabhais ar ioncaim teaghlaigh agus ar cháiréis leanúnach faoi éiginnteachtaí móra san ionchas eacnamaíoch, BREXIT san áireamh.

I ndiaidh a chéile ba chóir go gcuirfeadh an feabhas ar fhachtóirí maicreacnamaíocha, i dteannta le seintimint eacnamaíoch níos láidre, agus méadú ar ioncaim indiúscartha le torthaí dearfacha don tionscal tacsáí sna blianta amach romhainn. Téann gníomhaíochtaí sóisialta agus caithimh aimsire i bhfeidhm go mór ar an tionscal; d'fhéadfadh go gcruthódh méadú ar fhostaíocht agus ar chaiteachas tomhaltóirí éileamh breise ar thacsaithe de réir mar a leanann an téarnamh geilleagrach ar aghaidh. Díol suntais é go bhfuil an téarnamh geilleagrach éagsúil ó thaobh réigiúin, agus an athbheochan is láidre ar siúl i mBaile Átha Cliath. Is léir go spreagfaidh sé sin an tionscal níos mó sa réigiún sin, ina bhfuil 60% de na tacsaithe.

3.3 Éileamh margaidh

Treochtaí in úsáid tacsaithe


I bhFeabhra 2017, dúirt 39% de dhaoine fásta, a bhí ag freagairt do shuirbhé ionadaíoch teaghlach ar fud na tíre, gur úsáid siad tacsáí le sé mhí anuas. Is ionann é sin agus an méid daoine a dúirt gur úsáid

¹ Ríomhtar an t-Innéacs Seintimint Custaiméirí (TSC) tríd na scóir choibhneasta a ríomh (an céatadán a thugann freagraí fabhracha lúide an céatadán a thugann freagraí neamhfhabhracha (an t-iarmhéid), móide 100) le haghaidh gach ceann de na cúig cheist innéacs, atá bunaithe ar conas a thuairimí tomhaltóra maidir leis an ionchais eacnamaíoch thar na chéad 12 mhí eile agus ar chúinsí reatha tomhaltóra.

siad tacsáí in 2014, figiúr a léirigh laghdú de 20 pointe céatadán ó fhigiúr 2012. Sonraíonn treochtaí in úsáid tacsaithe le 12 mhí anuas, mar a thaispeántar i bhFigiúr 3.4, gur laghdaigh 14% d'úsáideoirí tacsaithe a n-úsáid tacsaithe, agus gur mhéadaigh 18% díobh a n-úsáid tacsaithe. Is iad na príomhfháthanna a luaigh daoine fásta a ndearnadh suirbhé orthu maidir leis an laghdú ar úsáid tacsaithe ná nach raibh siad ag dul amach chomh minic (46% díobh siúd a dúirt gur laghdaigh a n-úsáid), agus go raibh tacsaithe ró-chostasach (26% díobh siúd a dúirt nár úsáid siad tacsaithe chomh minic). Dúirt 21% de dhaoine fásta a luaigh sa suirbhé nár úsáid siad tacsaithe chomh minic, gurbh é an laghdú ar airgead le caitheamh ba chúis lena laghdú ar úsáid tacsaithe. Ba iad na príomhchúiseanna a thug daoine fásta a ndearnadh suirbhé orthu le méadú ar a n-úsáid tacsaithe ná: 'nach raibh tacsaithe chomh costasach agus a bhíodh siad roimhe sin' (33%), go raibh siad ag dul amach níos minice (24%), agus go raibh siad ag taisteal/ag déanamh comaitéireachta níos mó (18%)².

Ar an iomlán, tháinig méadú ar líon na n-úsáideoirí tacsáí ar fhéidir iad a aicmiú mar 'úsáideoirí troma' (iad siúd a úsáideann tacsáí uair amháin sa tseachtain ar a laghad) ó 30% go 33%. D'ainneoin méadú ar chion na n-úsáideoirí troma, áfach, d'fhéadfadh nár tháinig méadú ar mhinicíocht fhoriomlán, mar gur tháinig méadú freisin ar líon na bhfreagróirí a dúirt gur úsáid siad tacsaithe 'níos annaimhe' (ná uair amháin gach 4-6 mhí), ó 11% go dtí 18%. Bíonn an chuid is mó 'd'úsáideoirí troma' faoi 25 bliana d'aois, de ghnáth, agus cónaí orthu i gCúige Connacht/Uladh, ina mic léinn agus san aicme shóisialta AB.

Figiúr 3.4: Treochtaí in úsáid tacsaithe ar fud na tíre 2016



Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2017 – Suirbhé Teaghlach

Tábla 3.1: Dáileadh na n-úsáideoirí tacsáí de réir mhinicíocht úsáide agus aoisghrúpa

	Faoi 35 (%)	35 + (%)	Gach Úsáideoir Tacsáí (%)
Uair Amháin sa tSeachtain nó níos minice	43%	28%	34%
Gach 2/4 Sheachtain	26%	23%	24%
Gach 5/8 Seachtaine	6%	13%	10%
Níos annaimhe	24%	36%	32%
Iomlán	100.0	100.0	100.0

Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2017 – Suirbhé Teaghlach

² Bhí freagróirí in ann níos mó ná cúis amháin a roghnú

Ar bhonn réigiúnach, ba iad Cúige Chonnacht/Cúige Uladh a raibh an chuid is mó d'úsáideoirí tacsaithe rialta iontu, agus ina dtógann 48% d'úsáideoirí tacsaithe uair amháin sa tseachtain nó níos mó. Tá sé in i gcomparáid le 30% i mBaile Átha Cliath, le 28% i gCúige Laighean agus le 35% i gCúige Mumhan, mar a léirítear i dTábla 3.2.

Tábla 3.2: Dáileadh na n-úsáideoirí tacsáí de réir mhinicíocht úsáide agus réigiúin


	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht
Uair Amháin sa tSeachtain nó níos minice	30%	28%	35%	48%
Gach 2/4 Sheachtain	17%	40%	21%	23%
Gach 5/8 Seachtaine	10%	5%	12%	15%
Níos annaimhe	42%	27%	32%	14%
Iomlán	100.0	100.0	100.0	100.0

Foinse: Athbhreithniú 2017 ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí – Suirbhé Teaghlach

Saintréithe tacsáí

Tá éileamh ar sheirbhísí tacsáí dírithe go príomha ar thurais sóisialta agus ar chaitheamh aimsire, mar a léirítear i bhFigiúr 3.5. Bhí an treocht seo réasúnta seasmhach thar am. I gceist ar leithligh, fiafraíodh d'úsáideoirí tacsáí cé chomh minic is a úsáideann siad tacsaithe chun nascadh le hiompar poiblí. Úsáideann an méid foriomlán 47% d'úsáideoirí tacsáí chun nascadh le hiompar poiblí (na daoine a deir go n-úsáideann siad tacsáí 'an t-am ar fad', 'uaireanta' agus 'go hannamh' curtha san áireamh), ach tá an méid seo i bhfad níos airde i measc mac léinn (71%) agus daoine a d'úsáid tacsáí le déanaí le haghaidh turais a bhain le hobair (79%).


Figiúr 3.5: An chúis luaite le húsáid tacsáí an uair ba dheireanaí³



Foinse: Athbhreithniú 2017 ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí – Suirbhé Teaghlach

³ Bhí freagraí iolracha féideartha le haghaidh na ceiste seo


Figiór 3.6: Minicíocht úsáid tacsáí le nascadh le hiompar poiblí



Foinse: Athbhreithniú 2017 ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí – Suirbhé Teaghlach

Is é an fón fós an modh is coitianta le tacsáí a chur in áirithe, agus 58% d'fhreagróirí an tsuirbhé 2017 ag socrú an turais tacsáí ba dheireanaí a bhí acu le fón, laghdú beag ó 61% i 2014. Fuair 16% d'fhreagróirí an tacsáí ba dheireanaí a d'úsáid siad ar an tsráid trí scairt a dhéanamh agus d'fhán 8% díobh sa scuaine san ionad tacsaithe. Tá méadú tagtha ar fhorleithne Aipeanna Fóin Chliste chun turais tacsáí a shocrú ó bhí 2014 ann, agus shocraigh 14% d'fhreagróirí an turas tacsáí ba dheireanaí ar Aip Fóin Chliste, i gcomparáid le 10% i 2014. Tá úsáid Aipeanna Fóin Chliste níos coitianta i measc freagróirí i mBaile Átha Cliath (31% de thurais ba dheireanaí) agus i measc ban faoi 25 bliana d'aois (35% de thurais ba dheireanaí).

Figiór 3.7: Dáileadh náisiúnta éilimh ar sheirbhís tacsaithe de réir mhargáí áirithe




Foinse: Athbhreithniú 2017 ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí – Suirbhé Teaghlach

Patrúin éilimh ar sheirbhísí tacsáí

Sroicheann éileamh ar thacsaithe buaic oíche Aoine agus Shathairn agus tarlaíonn 55% de na turais i gcaitheamh an dá lae sin. Is ionann an 55% sin laghdú i gcomparáid leis an 66.2% de na turais go léir a tharla ar na laethanta sin i suirbhé 2014, rud a chuireann in iúl gurbh fhéidir go bhfuil an dáileadh éilimh seo, i gcaitheamh seachtaine, níos mó ná mar a bhí roimhe seo. Léiríonn an cion mór de na turais ar an Aoine agus ar an Satharn, áfach, gurb í an príomhchúis fós le húsáid tacsáí ná gníomhaíochtaí sóisialta agus caithimh aimsire. Léiríonn Figiór 3.8 na buaiceanna sin san éileamh i gcaitheamh seachtaine.

Figióir 3.8: Dáileadh úsáideoirí tacsáí de réir an lae den tseachtain ar a ndeachaigh siad ar an turas ba dheireanaí




Foinse: Athbhreithniú 2017 ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí – Suirbhé Teaghlach

Mar a léirítear i bhFigióir 3.9, taispeánann éileamh ar thacsaithe buaiceanna de réir an trátha den lá. Rinneadh tuairim is 22% de thurais idir 1am agus 5am, agus rinneadh tuairim is 15% eile idir 9pm agus 1am agus rinneadh 12% idir 6pm agus 9pm. Tá na buaiceanna éilimh sin ag teacht le turais sóisialta agus caithimh aimsire mar an gcuspóir is coitianta um úsáid tacsaithe. I gcomparáid le 2014, tarlaíonn cion níos mó de thurais tráthnóna/oíche idir 1am agus 5am agus tarlaíonn cion níos lú níos luaithe san oíche. Tharla cion níos mó de thurais i suirbhé 2017 i rith an lae, áfach, (idir 9am agus 6pm) i gcomparáid leis an bhfigióir a tugadh faoi deara roimhe sin (33% in 2017 i gcomparáid le 26% in 2014).

Thuiriscigh an custaiméir go raibh an meánfhad a ndearnadh a thaisteal laghdaithe beagáinín ó 8.8km i 2014 go 8.42km i 2017. Mhéadaigh an cion de thurais ina raibh díreach paisinéir amháin ó 29% suas go dtí 36% agus laghdaigh an cion de thurais ina raibh níos mó ná triúr paisinéirí. Tugann sé seo le tuiscint, i dteannta leis na hathruithe ar éileamh a chonacthas thar thréimhsí ama, go ndéantar cion níos mó de thurais anois le haghaidh cúiseanna eile seachas dul amach le daoine eile ná mar a bhí amhlaidh i 2014.

Figiúr 3.9: Dáileadh úsáideoirí tacsáí de réir an ama den lá ar a ndeachaigh siad ar an turas ba dheireanaí




Foinse: Athbhreithniú 2017 ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí – Suirbhé Teaghlach

3.4 Soláthar margaidh

Soláthar Comhiomlán seirbhísí tacsáí

Ó léirscaoileadh an margadh tacsaithe i 2000, mhéadaigh líon na dtacsaithe go substaintiúil ó 4,218 sa bhliain sin. Faoi samhradh 2009 bhí buaic de 21,213 sroichte. Ó sin, tá laghdú suntasach tagtha ar mhéid na bhfeithicilí tacsáí a oibríonn sa tionscal, mar a léirítear i bhFigiúr 3.10. Ag deireadh Fheabhra 2017, bhí 16,983 ceadúnas gníomhach um feithicilí tacsáí san fhlít (15,789 tacsáí agus 1,194 tacsáí oiriúnach do chathaoir rothaí). Chabhraigh sonraíocht agus nósanna imeachta nua le haghaidh feithicilí oiriúnacha do chathaoir rothaí, a cuireadh i bhfeidhm in 2014, le hardú ar an méid tacsaithe oiriúnacha do chathaoir rothaí. Cuirtear cúnamh airgeadais ar fáil le feithicil oiriúnach do chathaoir rothaí a cheannach. Go dtí seo, tá 616 deontas tugtha.

Figiúr 3.10: Treochtaí i Soláthar Tacsaithe




Foinse: Staitisticí NTA

Dáileadh réigiúnach soláthair

Ar bhonn réigiúnach, tá 10,141 tacsáí i mbun oibre i mBaile Átha Cliath in 2017, a léiríonn 60% den mhéid náisiúnta. Mar a léirítear i bhFigiúr 3.11, tá sé seo i gcomparáid leis an gcuid eile de Chúige Laighean ina bhfuil 19% de na tacsaithe, Cúige Mumhan ina bhfuil 14% de na tacsaithe agus Cúige Connacht/Uladh ina bhfuil 8% de na tacsaithe in Éirinn. Níor athraigh an dáileadh réigiúnach mórán ó bhí 2014 ann.⁴

Figiúr 3.11: Cion de thacsaithe gníomhacha de réir réigiúin Feabhra 2017



Foinse: Staitisticí NTA


⁴ I 2014, d'oibrigh 61% de na tacsaithe ó Bhaile Átha Cliath, 18% ón gcuid eile de Chúige Laighean, 14% ó Chúige Mumhan agus 7% ó Chúige Connacht/Uladh

3.5 Staid an mhargaidh ag an struchtúr táillí reatha

Tuairimí faoin struchtúr agus faoi na leibhéil reatha táille

Bhí tuairimí éagsúla ag úsáideoirí tacsáí maidir le luach ar airgead an táille tacsáí reatha, ach go ginearálta, is cosúil go bhfuil feabhas tagtha air ó rinneadh an suirbhé ba deireanach i 2014. Sonraíonn Figiúr 3.12 le tuairimí na bhfreagróirí ar luach ar airgead sa struchtúr reatha táille. Ar an iomlán, cheap 54% de na freagróirí go raibh táillí reatha tacsáí go maith ó thaobh luacha ar airgead de, i gcomparáid le 50% d'fhreagróirí a d'aontaigh go raibh tacsaithe go maith ó thaobh luacha ar airgead de i 2014. Cuireadh ceist ar fhreagróirí faoi luach ar airgead maidir le cineálacha áirithe turais. Laghdaigh an méid freagróirí a d'aontaigh go raibh turais sa lá, san oíche agus turais ghairide, ach go háirithe, go maith ó thaobh luacha ar airgead de. D'fhan an cion freagróirí a d'aontaigh go bhfuil turais níos faide agus turais le níos mó ná paisinéir amháin go maith ó thaobh luacha ar airgead de. Is gnách go gceapann freagróirí ón gcuid eile de Chúige Laighean (i.e. Cúige Laighean seachas Baile Átha Cliath) nach bhfuil an luach ar airgead chomh maith agus a cheapann freagróirí ó réigiúin eile.

Figiúr 3.12: Tuairimí tomhaltóra faoi luach ar airgead (LAA) sa struchtúr reatha táille




Foinse: Athbhreithniú 2017 ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí – Suirbhé Teaghlach

Lascainiú táillí sa mhargadh

Bíonn tionchar ag lascainiú táille sa mhargadh ar an tuairim i leith luacha ar airgead. As na freagróirí a d'úsáid tacsáí le bliain anuas, ní dúirt ach 11.9% díobh gur táirgeadh lascaine dóibh le 12 mhí anuas, cion níos lú ná tuairim is 20% d'úsáideoirí tacsáí i suirbhé 2014, a dúirt go bhfuair siad lascaine. Is féidir, áfach, nach mbíonn a fhios ag custaiméirí i gcónaí go bhfuil lascaine faighte acu, go háirithe más é atá i gceist ná nach ngearrann an tiománaí táillí infheidhme breise ar an méadar le haghaidh táillí áirithe nó paisinéirí breise.

Bá é slánús síos (44%) an fhoirm lascaine ar tháillí ba choitianta, agus lascaine ar an táille áirithe nó í a bhaint ina dhiaidh sin (26%), agus ansin, lascainí céatadán ar an méid le hóc (25%).

Figiúr 3.13: Minice lascainithe, de réir teaghlach



Foinse: Athbhreithniú 2017 ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí – Suirbhé Teaghlach

3.6 Conclúidí

Éileamh an Mhargaidh

- Ar an iomlán, is cosúil nach bhfuil leibhéal an úsáid tacsáí athraithe go mór ó rinneadh an suirbhé deireanach ar úsáideoirí tacsáí i 2014. D’fhan an chuid de dhaoine fásta a dúirt gur úsáid siad tacsáí sna sé mhí anuas mar an gcéanna. Tá méadú tagtha ar an gcion d’úsáideoirí tacsáí ar féidir a aicmiú mar ‘úsáideoirí troma’ (iad siúd a úsáideann tacsáí uair amháin sa tseachtain ar a laghad) agus mhéadaigh an cion a úsáideann tacsáí uair amháin gach 4-5 lá ar a laghad ó 6% suas go dtí 11% de na húsáideoirí tacsáí go léir.
- Dúirt 18% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu go raibh a n-úsáid tacsáí imithe i méid le bliain anuas. I measc na fáthanna a luadh leis na méaduithe sin ná nach raibh tacsaithe chomh costasach is a bhíodh (33%), go raibh an t-úsáideoir ag dul amach níos minice (24%) agus go raibh an t-úsáideoir ag taisteal nó ag taisteal nó ag déanamh turais chun na hoibre níos mó (18%).
- Ba iad na príomhfháthanna le laghdú ar úsáid tacsáí a luaigh daoine fásta a ndearnadh suirbhé orthu ná nach raibh siad ag dul amach chomh minic (46%) agus go raibh tacsaithe ró-chostasach (26%).
- Go náisiúnta, ba iad áirithintí fóin an modh ba choitianta um thuras tacsáí a shocrú, agus ó bhí 2012 ann bíonn tionchar nach beag ag aipeanna Fóin Chliste, agus 14% d’úsáideoirí tacsáí á n-úsáid anois chun tacsáí a ordú.
- Tarlaíonn tuairim is 37% de thurais tacsáí idir uaireanta 9pm agus 1am, rud a thagann leis an bhfionnachtain go dtógtar an chuid is mó de thurais tacsáí le haghaidh cuspóirí sóisialta nó caithimh aimsire.

Tuairimí an Mhargaidh ar an Struchtúr Reatha Táille

- Ar an iomlán, measann tuairim is leath d’úsáideoirí tacsáí (54%) go bhfuil na táillí reatha tacsáí go maith ó thaobh luacha ar airgead de, agus téann an céatadán suas go 59% maidir le turais ina bhfuil níos mó ná paisinéir amháin.

- Is gnách go gceapann freagróirí ón gcuid eile de Chúige Laighean nach bhfuil an luach ar airgead chomh maith i gcomparáid freagróirí ó réigiúin eile, fionnachtain a léiríonn codarsnacht le torthaí shuirbhé 2014.
- Deir níos lú ná 12% d'fhreagróirí a d'úsáid tacsáí le bliain anuas, gur táirgeadh lascaine dóibh, rud a léiríonn easpa feasachta i measc tomhaltóirí faoi ghníomhaíocht lascaine. Ba é 'slánú síos' an fhoirm ba choitianta lascaine a tugadh ar fud na tíre.
- Maidir leis sin, níor thuig 81% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu gurb ionann an táille a thaispeántar ar an méadar agus uastáille.
- Ní dúirt ach 6% gur cheistigh siad táille. Réitíodh díreach níos mó ná leath de na ceisteanna sin ar bhealach a d'fhág na húsáideoirí sásta.
- Ní dúirt ach 43% d'úsáideoirí a ndearnadh suirbhé orthu gur chreid siad go bhfuil ríomh táillí tacsáí éasca a thuiscint.

4. An tInnéacs Costas Tacsáí

4.1 Cúlra

Is uirlis chainníochtúil í an t-Innéacs Costas Tacsáí ICT) atá á úsáid ag an (NTA) le hathruithe ar na costais a bhaineann le hoibriú fheithicil tacsáí a mheasúnú. Is é príomhchuspóir an ICT ná cur chuige caighdeánach a sholáthar chun an gá le coigeartú táillí a mheas. Ag gach eatramh dhá bhliana, úsáidtear an t-innéacs le hathrú céatadán ar na costais oibriúcháin a shocrú, trí húsáid a bhaint as innéacsanna praghais foilsithe, go príomha.

Bhí na hAthbhreithnithe Uastáille idir 2006 agus 2012 bunaithe ar nuashonrú ar an ITC ó 2006. Bhí breithmheas níos bunúsaí ar leibhéil táille cuimsithe san Athbhreithniú Uastáille i 2014 a rinneadh tríd an ICT a athbhunú, i.e. tríd na costais a scrúdú go díreach seachas a choigeartú go débhlíantúil le haghaidh boillsithe. Tá an t-athbhreithniú seo le haghaidh 2016 sin bunaithe ar nuashonrú ar innéacs 2014.

4.2 Cuspóirí agus struchtúr an innéacs

Bíonn costais uathúla agus éagsúla oibriúcháin le híoc ag tiománaithe tacsáí aonair, ag brath ar a gcuid saintréithe oibriúcháin agus ar dhálaí bunúsacha an mhargaidh. Mar sin, bhíonn an t-ICT ag féachaint chuig dearbhchostais aon tiománaí aonair a léiriú, ach seachas sin léirítear meastachán ar na costais a bhíonn le híoc ag an meántiománaí, bunaithe ar na treoirphrionsabail siúd a leanas:

- Ní mór go mbeadh an t-ICT ionadaíoch agus go léireodh sé athruithe ar na costais atá le híoc ag cion mór den tionscal;
- Ní mór go léireodh sé toradh cóir don saothar a chuireann an tiománaí tacsáí ar fáil;
- Ní mór go mbeadh sé bunaithe ar thiománaí atá ag cloí le ghnáthchleachtadh an tionscail; agus
- Is iad na costais atá curtha san áireamh san ICT ná na costais reatha agus seasta go léir, agus gné chostas saothair, agus na costais á gcur le chéile chun costas táscach foriomlán um oibriú tacsáí in aghaidh na bliana á bhaint amach.

4.3 Cur chuige i dtreo an Innéacs Costas Tacsaithe a ríomh

Tagadh ar phraghsanna as na gnéithe costais aonair tar éis taighde a dhéanamh ar an tionscal. Le sonraí a bhíonn ar fáil don phobail soláthraíodh praghsanna beachta an tionscail, a bhain le cothabháil feithicle agus trealaimh, agus baineadh na costais sin le hanailís a dhéanamh orthu chun ICT níos ionadaíche agus níos deireanaí a chur le chéile.

4.4 Príomhbhoinn Tuisceana

4.4.1 Leibhéil ghníomhaíochta

Úsáidtear leibhéil ghníomhaíochta san ICT chun athruithe a ríomh ar na costais oibriúcháin siúd a athraíonn de réir leibhéil ghníomhaíochta, mar shampla boinn, páirteanna spártha feithicle, agus seirbhísí. Úsáidtear an fad bliantúil a thaistealaíonn tiománaithe mar athróg ionadach do leibhéil ghníomhaíochta san ICT. Ag glacadh leis go bhfanfaidh na fachtóirí eile go léir seasmhach, is é an tionchar a bhíonn ar laghdú ar leibhéil ghníomhaíochta ná laghdú ar na costais a bhaineann le hoibriú tacsáí agus vice versa.

In Athbhreithnithe Uastáille roimhe seo dhéantaí fad bliantúil tiománaí ar bhonn an fhaid taistealaithe a tuairiscíodh ag an tiománaí féin, agus na sonraí bailithe trí mheán suirbhé ar thiománaithe. Rinneadh suirbhé ar tiománaithe mar chuid den Athbhreithniú Náisiúnta ar Uastáillí Tacsáí i 2017. Ba é an meánfhad a thaisteal tiománaithe tacsáí ná **49,000km**, méid a bhí measta ag tiománaithe féin.

Ó 2014 ar aghaidh, d'ullmhaigh an NTA meastachán ar mheánleibhéil ghníomhaíochta, bunaithe ar shonraíocht CSO ar mhíleáiste feithiclí. Tar éis coigeartú a dhéanamh le haghaidh aga moille agus míleáiste phearsanta, ríomhadh gurb é an meánfhad bliantúil a thaistealaíonn tiománaithe tacsáí ná **32,624km**. Tá an mhodheolaíocht agus an bailíochtú do na leibhéil ghníomhaíochta seo curtha san áireamh in Aguisín 1.

Soláthraíonn na meastacháin ar an meánfhad a dhéantar a thaisteal eolas luachmhar maidir leis na leibhéil ghníomhaíochta sa tionscal. Tá an meastachán a fuarthas ón suirbhé ar thiománaithe gar do leibhéil ghníomhaíochta a úsáidtear i roinnt tíortha eile.⁵ Seans, áfach, go bhfuil an meastachán a fuarthas ón CSO níos cruinne maidir le tionscal na hÉireann, mar go mbíonn na faid níos gairide i gcomparáid le dlínsí eile, agus go dtarlaíonn cuid mhór den éileamh ar thacsaithe le linn tréimhse réasúnta gairid, tréimhse a bhaineann le gníomhaíocht shóisialta ag an deireadh seachtaine. Ina theannta sin, bhí cleachtadh deireanach um shocrú táillí sa RA buanaithe ar mheánleibhéil bliantúil ghníomhaíochta tomhaiste de thuairim is 24,000⁶, méid atá níos gaire don tomhas atá bunaithe ar shonraí CSO.

Dá bharr sin, chinn an NTA an Innéacs Costas Tacsaithe 2017 a ríomh ar bhonn dhá mheastacháin ar an leibhéal ghníomhaíochta: tháinig an meastachán ó shonraí CSO agus tháinig sé sin ó shonraí an tsuirbhé ar thiománaithe. Gabhann sé sin an raon meastachán atá ar fáil agus tá sé comhsheasmhach le hathbhreithnithe roimhe sin.

4.4.2 Costais Saothair

Tá costais saothair curtha san áireamh san ICT mar go bhfuil luach am tiománaithe comhionann leis an bpríomhghné costais agus seirbhísí tacsáí á soláthar. Ina theannta sin, ba chóir go gcabhródh cur isteach na gcostas saothair le cinntiú go mbeadh tuilleamh tiománaithe i gcomhréir le tuilleamh oibríthe eile sa gheilleagar.

Ó thaobh an gheilleagair de, is í an ghné costais saothair ab idéalalaí ná ceann a chuirfeadh tuilleamh daoine eile in earnáil inchomparáide san áireamh, mar is ionann sin agus an deis chostas do thiománaithe as tacsáí a oibriú, in ionad dul i mbun fostaíochta eile.

Is féidir meastachán a dhéanamh ar thuilleamh ó earnáil inchomparáide eile agus sonraí faoi thuilleamh ón CSO á n-úsáid. Soláthraíonn an Suirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta agus Costais Fhostaíochta (STUCF) meastacháin ráithiúla ar thuilleamh seachtainiúil do chatagóirí éagsúla oibre, “oibríthe táirgthe, iompair agus ceardaíochta agus oibríthe láimhe eile” san áireamh:

⁵ Mar chuid d'Athbhreithniú 2014 ar Uastáillí Tacsáí, aithníodh na tagarmhairc seo a leanas: Tuaisceart Éireann 41,746km, Hamburg = 50,000km, an Iorua = 59,520km.

⁶ Socraíonn Buirg Guilford táillí tacsáí agus úsáid á baint as próiseas atá cosúil le próiseas an NTA. Ina n-athbhreithniú i 2016, thomhais siad meánmhíleáiste bliantúil tacsaithe ina gceantar ceadúnaithe mar 15,157 míle.

Tábla 4.1: Meastacháin STUCF ar thuilleamh seachtainiúil de réir

Catagóir oibre STUCF (cineáil fostaí)	2015R3	2015R3	2016R1	2016R2	2016R3
Oibrithe táirgthe, iompair, ceardaíochta agus oibrithe láimhe eile	489.61	501.43	491.85	499.26	502.89

Dar le sainmhínte CSO, tá tiománaithe cairr, tacsáí agus leoraí i gcatagóir oibrithe táirgthe, iompair, ceardaíochta agus oibrithe láimhe eile atá lasmuigh den tionscal talmhaíochta. Mar sin, is féidir linn deischoistas saothair a mheas, bunaithe ar shonraí tuillimh ráithiúil don chatagóir seo. Bunaithe ar bhliain oibre 48-seachtaine, is féidir linn a mheas gurb é meántuarastal thiománaí tacsáí ná €23,945 i 2016. Os rud é go soláthraíonn an figiúr bliantúlaithe sin neasfhigiúr do thuilleamh in earnáil inchomparáide, is léiriú oiriúnach é ar chostais saothair ó thaobh fheidhm an ICT de.

4.4.3 Cineál breosla

Is é díosal an cineál breosla is ionadaíche sa tionscal; measadh i dtorthaí barrlíne an tsuirbhé ar thiománaithe go n-oibríonn 81% de thiománaithe feithiclí ina n-úsáidtear díosal. Dá bharr sin, úsáidtear pragsanna díosail agus costais bhliantúla bhreosla á ríomh.

4.4.4 Cineálacha cairr

Is iad na trí chineál cairr is mó a úsáidtear ag tiománaithe tacsáí ná Toyota Avenis (33%), Skoda Octavia (9%) agus Ford Mondeo (9%). Mar a léirítear thuas, glactar leis go bhfuil inneall díosail Ingach cineál cairr, agus toilleadh 2.0 lítear ag an Avenis agus an Mondeo agus toilleadh 1.6 lítear ag an Octavia. Úsáidtear na trí chineál sin le costais mhaoinithe agus costais árachais feithicle a ríomh. Baineadh úsáid as moltaí na ndéantóirí chun minicíocht cothabhála feithicle a dhearbhu, de réir dhea-chleachtas an tionscail.

4.5 Innéacs Costas Tacsáí 2017

Is iad na costais atá curtha san áireamh ICT ná na costais reatha agus seasta, i dteannta le gné costas saothair. Déantar dhá ITC ar leithligh, agus ceachtar díobh bunaithe ar na leibhéil ghníomhaíochta a gcuirtear síos orthu i gCuid 4.4.1 Tagraíonn na costais seo go léir do bhliain amháin oibriúcháin le haghaidh tacsáí.

Tábla 4.2: Cur síos ar an ngné costais reatha

Gné Innéacs	Cur síos
Breosla	Costas iomlán breosla
Seirbhísiú	Costais as mionseirbhísí agus mórsheirbhísí
Glanadh	Costas as mórscomradh agus mionghlanadh
Boinn	Costas as boinn nua
Páirteanna spártha	Costas as páirteanna spártha atá riachtanach chun dea-bhail a choimeád ar an gcarr
Costais Reatha Ilghnéitheacha	Tá an ghné seo curtha san áireamh le teagmhasacht a cheadú le haghaidh costas breise a bhaineann le hoibriú tacsáí

Tábla 4.3: Cur síos ar an ngné costas seasta

Gné Innéacs	Cur síos
Ceannach agus Maoiniú Cairr	Costas bliantúlaithe as iasacht cairr, glan ó luach athdhiola
Árachas	Costas as árachas a chur ar thacsaí
Cíos Raidió/Aipe	Clúdaíonn sé an costas as raidió a fháil ar cíós/as sheirbhís aipe ó oibreoir seachadta/ó sholáthraí aipeanna tacsáí
Soláthar Trealaimh Nua – riachtanais rialála	Costas as méadair, comhartha dín, printéirí, brandáil agus as fearas sábháilteachta riachtanach (múchtóir dóiteáin, fearas garchabhrach, triantán sábháilteachta, veist agus tóirse).
Athnuachan Cheadúnas Fheithicle Tacsáí	Costas as ceadúnas feithicil tacsáí a athnuachan
Cáin Bhóthair	Cáin bhóthair bhliantúil le hóc as an bhfeithicil
Táillí Aerfoirt	Táille as oibriú ag aerfort
An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (NCT)	Costas as NCT tréimhsiúil a dhéanamh
Fíorú Méadair	Costas as fíorú méadair
Calabrá agus Clárú Méadair	Costas as calabrá agus clárú méadair
Ceadúnas Tiomána SPSV	Costas as ceadúnas tiomána tacsáí
Ceadúnas Náisiúnta Tiomána	Costas as ceadúnas tiomána feithicle

Tábla 4.4: Cur síos ar an ngné costas saothair

Gné Innéacs	Cur síos
Costais Saothair	Meastachán ar thuilleamh an tiománaí

Sonraíonn na codanna seo a leanas na luachanna a chuirtear i leith gach ceann de na costais sin agus an mhodheolaíocht a úsáidtear le teacht ar na figiúir deiridh.

4.5.1 Costais reatha

Tagraíonn na costais reatha bliantúla do na costais ó lá go lá a bhaineann le hoibriú tacsáí. Cuireann costais reatha breosla, seirbhísiú, glanadh, páirteanna spártha agus boinn san áireamh. Baineadh úsáid as buiséad €300 leis na costais ilghnéitheacha a bhaineann le soláthar sheirbhísi tacsáí a chlúdach. Socraítear gach ceann de na gnéithe costais sin ar bhonn leibhéil ghníomhaíochta an tiománaí, agus mar sin, tá sé riachtanach na costais reatha a léiriú le haghaidh ceachtar den dá leibhéal ghníomhaíochta, a measadh i gCuid 4.4.1.

Tábla 4.5: Costais reatha

	Leibhéal gníomhaíochta	
	Meastachán CSO	Meastachán Tiománaí
Gné Innéacs	32,624km	49,000km
Breosla	€1,918	€2,881
Seirbhísiú	€437	€656
Glanadh	€988	€988
Boinn	€373	€560
Páirteanna spártha	€294	€441
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€300	€300
Costais Reatha Iomlána	€4,309	€5,825

- **Breosla:** Ríomhadh an costas breosla ar bhonn trí ghné:
 - fad bliantúil taistealta (féach ar chuid 4.4.1);
 - meán ualaithe de na rátaí ídithe breosla sonraithe ag an déantóir ar thrí cinn de na cineálacha cairr is coitianta⁷; agus
 - an praghas ar dhíosal mar atá tuairiscithe ag an CSO⁸.

Tháinig laghdú suntasach ó 2014 ar na costais bhreosla a bhíonn le híoc ag tiománaithe tacsai.⁹ Tá praghanna díosail ag dul i laghad go seasmhach ó sroicheadh buaic i 2012, de bharr éilimh láidir ó gheilleagair BRIC, agus coimhlíntí domhanda a chuaigh i bhfeidhm ar an soláthar ola. Ina theannta sin, leis an ngníomhaíocht athbhunaithe i 2014 socraíodh go raibh feabhas mór tagtha ar an ráta ídithe breosla ó rinneadh meastacháin 2010. Anois tá an chuid is mó den fhlít tacsaithe déanta suas d'fheithiclí atá éifeachtúil ó thaobh breosla de, figiúr a chomhfhreagraíonn do mheánráta ídithe breosla de 4.8 lítear san 100km.¹⁰

- **Seirbhísiú:** Chun an costas seirbhísithe a ríomh, foinsíodh costais ó sholáthraithe tionscail le haghaidh na dtrí chineál cairr is mó a úsáidtear sa tionscal. Bunaithe ar chaighdeáin dea-chleachtais an tionscail agus ar threoirlínte déantóra, glacadh leis go mbíonn mionseirbhísiú ag teastáil gach 15,000km, go ndéantar seirbhísiú iomlán tar éis gach 30,000km agus go ndéantar mórsheirbhís tar éis gach 60,000km.
- **Glanadh:** I gcomhréir le hAthbhreithnithe Uastáille roimhe seo agus leis an suirbhé ar thiománaithe a rinneadh, glactar leis go bhfaigheann feithiclí tacsai “mórsciomradh” dhá uair sa

⁷ Mar atá sonraithe sna lámhleabhair úinéara don Toyota Avensis, don Skoda Octavia agus don Ford Mondeo

⁸ CSO – Meánphraghas Náisiúnta (Euro) de réir Earra Tomhaltais agus Míosa

⁹ An Bhrasail, an Rúis, an India agus an tSín

¹⁰ Mar atá ráite sna lámhleabhair úinéara don Toyota Avensis, don Skoda Octavia agus don Ford Mondeo

bhliain, agus go ndéantar “mionghlanadh” dhá uair sa tseachtain. Fuarthas gurb é an costas as mórsciomradh ná thart €110, bunaithe ar thaighde ar an tionscal. Síltear gurb é €8 an costas as mionghlanadh, suas ó €7 in athbhreithniú 2014. Is ionann an luach seo agus an costas as níos chomh maaisín, nó liúntas d’am an tiománaí féin, má roghnaíonn siad a gcarr a ní de lámh.

- **Boinn:** Tá na meastacháin ar shaolré an meánbhoinn idir 32,000km (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil) agus 48,000km (an AA) agus foinsí éagsúla eile nach iad. In athbhreithnithe roimhe seo ghlactaí leis go bhfaightear boinn nua gach 36,000km. Úsáideadh an luach seo arís agus ICT 2017 á ríomh mar go bhfuil sé ar aon dul le ríomh roimhe sin agus go dtagann sé laistigh de raon meastachán ag saineolaithe.
- **Páirteanna Spártha:** Fuarthas i dtaighde ar chostas agus ar mhinicíocht maidir le páirteanna spártha feithicle nua a fháil, go gcaitear tuairim is €900 ar pháirteanna spártha gach 100,000 km (nó €1,750 gach 120,000 míle). Is iad ná páirteanna a chuirtear san áireamh sa chatagóir seo ná na costais as athsholáthar ceallraí, cuimilteoirí gaothscátha, maolairí turrainge, pillíní coscáin agus dioscaí.
- **Costais Reatha Ilghnéitheacha:** Go stairiúil, chuirtear gné costas ilghnéitheach san áireamh san ICT mar aitheantas do na costais bhreise fhéideartha le híoc ag tiománaithe tacsáí maidir le tomhaltáin etc. Tugadh an €300 seo ar aghaidh go hInnéacs 2017.

4.5.2 Costais seasta

Tagraíonn costais seasta bhliantúla do na costais le híoc ag an tionscal, atá neamhspleách ó leibhéal ghníomhaíochta. Cuimsíonn costais seasta caiteachas ar chíos raidió, ar tháillí aerfoirt, agus ar rudaí atá riachtanach faoin reachtaíocht, cosúil le ceadúnais tiomána, le cáin bhóthair agus árachas. Tá an miondealú iomlán ar chostais seasta do 2017 curtha ar fáil i dtábla 4.6 thíos.

Tábla 4.6: Costais seasta

Gné Innéacs	Costas 2016
Ceannach agus Maoiniú Cairr	€3,534
Árachas	€2,400
Cíos Raidió/Aipe	€4,752
Soláthar Trealamh Nua – riachtanais rialála	€298
Athnuachan Cheadúnas Fheithicle Tacsáí	€150
Cáin Bhóthair	€95
Táillí Aerfoirt	€38
An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (NCT)	€67
Fíorú Méadair	€43
Calabhrú agus Clárú Méadair	€45
Ceadúnas Tiomána SPSV	€50
Ceadúnas Náisiúnta Tiomána	€6
Costais Seasta Iomlána	€11,478

- **Ceannach agus Maoiniú Cairr:** Ríomhtar an costas as maoiniú feithicle bunaithe ar an bpraghas ualaithe ar iasacht théarma 5 bliana do na trí chineál cairr is mó a úsáidtear sa tionscal: Toyota Avensis, Skoda Octavia agus Ford Mondeo. Glactar leis de réir phrionsabail dhea-chleachtais gurb í an mheánaois feithicle ná 3 bliana. Aimsíodh an luach reatha as gach cineál cairr atá 3 bliana d’aois ó Motor Trade Publishers¹¹, agus socraítear an luach athdhíola ar bhonn praghsanna as cineálacha cairr atá 8 mbliana d’aois. Ríomhtar na costais mhaoinithe agus úsáid á baint as meánrátaí, a tarraingíodh ó shampla de mhóriasachtóirí.
- **Árachas:** D’eascair raon costais árachais a shín ó €2122 go €2500 as suirbhé a rinneadh ar chostais árachais agus úsáid á baint as sonraí tiománaí ionadaíoch.¹² Tógadh meánfhiúir de €2,400 ó Mheastachán an tSuirbhé ar Thiománaithe mar go dtagann sé sin laistigh den raon seo. Bhí an ríomh seo bunaithe ar mheánphraghsanna árachais ualaithe as na trí chineál cairr is mó a úsáidtear. Is ionann sin agus laghdú suntasach ó 2014, a léiríonn tráchtanna ón tionscal agus torthaí an tsuirbhé ar thiománaithe ag €2,248. Léirigh an suirbhé tiománaithe agus an taighde don chuid seo den ICT an deacracht a bheadh ag tiománaí nua nó tiománaí gan taithí maidir le meastachán árachais a fháil. Ní théann sé sin i bhfeidhm ar mheánchostais tiománaí tacsáí gníomhach, ach is féidir go rachaidh sé i bhfeidhm ar iontráil san earnáil amach anseo.
- **Cíos Raidió/Aipe:** Tabhaíonn cion mór den tionscal tacsáí costais as cíos ar raidió nó as iarratas seachadta, agus cuireadh an ghné costais seo san áireamh in innéacs 2017. Léiríonn an fiúir €4,752 meánchostais ar chíos raidió ó thorthaí barrlíne an tsuirbhé i 2017 ar thiománaithe, inar aithníodh gurb é €99 an meánchostas in aghaidh na seachtaine¹³.
- **Soláthar trealaimh nua – riachtanais rialála:** Léiríonn an costas seo raon trealaimh nach mór a bheith ag oibreoirí tacsáí de réir na rialachán reatha. San áireamh leo siúd tá:
 - Tacsaiméadar
 - Printéir
 - Comhartha dín
 - Brandáil
 - Fearas sábháilteachta (múchtóir dóiteáin, fearas garchabhrach, triantán, veist agus tóirse)
 - Feistiú fuinneog: Socraíodh an costas as fuinneoga fordhaite le haghaidh na dtrí chineál cairr mó a úsáidtear

Glactar le timthriall athsholáthair 5 bliana le haghaidh fheithiclí agus threalamh tacsáí, uimhir a bhí bailíochtaithe ag torthaí an tsuirbhé barrlíne ar thiománaithe.

¹¹ <http://www.mtp.ie>

¹² Fuarthas meastachán ó bhróicéirí árachais éagsúla, bunaithe ar thiománaí ionadaíoch a raibh ceadúnas glan acu, Toyota Avensis 5 bliana d’aois agus bónas cheal éilimh cúig bliana don tacsáí. Bhí raon na meastachán idir €2122 agus €2500

¹³ Níor ríomhadh na costais a bhaineann le ceangal le soláthraí aipeanna tacsáí, agus ina ionad sin, déanann an mhír costas cíos raidió iarracht an costas as ceangailte le hoibreoirí seachadta agus le soláthraithe aipe a chlúdach.

- **Táillí Aerfoirt:** Ríomhtar an costas as ceadanna aerfoirt le haghaidh tacsaithe ar bhonn an chion tiománaithe sa tionscal a thabhaíonn an muirear. Tá ceadúnais riachtanach chun oibriú in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne. Tá cead aerfoirt ag tuairim is 8.7% de thiománaithe tacsáí. Mhéadaigh an costas as ceadúnas Bhaile Átha Cliath faoi 10% go €440 ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach i 2014.
- **An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (NCT):** Is é an costas caighdeánach as NCT ná €55. Tá 20% den fhlít tacsaithe níos mó ná naoi mbliana d’aois, áfach, agus beidh sé riachtanach dóibh dhá NCT a dhéanamh gach bliain. Is é an costas seo ná an meánchostas ualaithe as NCTanna le haghaidh tiománaithe tacsáí.
- **Calabhrú & Clárú Méadair:** Bunaithe ar chomhairle ó fhoinsí tionscail, socraíodh gurb é €90 an costas ar athchlárú méadair gach dhá bhliain.
- **Costais eile:** Oibríodh amach na costais as fíorú méadair, as cáin bhóthair, agus ceadúnais tiomána ó shonraí atá ar fáil don phobal

4.5.3 Costais saothair

Is ionann costais saothair an príomhghné costais a bhaineann le seirbhísí tacsáí a sholáthar. Cabhraíonn cur san áireamh na gcostas saothair le cinntiú go mbeadh tuilleamh tiománaithe i gcomhréir le tuilleamh oibríthe eile sa gheilleagar. Tá an luach socraithe le haghaidh chostais saothair i 2014 léirithe i dTábla 4.7.

Tábla 4.7: Costais saothair

Gné Innéacs	Costais 2016
Costais Saothair	€23,945

Mar a mhínítear i gCuid 4.4.2 thuas, socraíodh costais saothair, bunaithe ar shonraí an CSO i leith meántuillimh seachtainiúil d’oibríthe táirgthe, iompair, ceardaíochta agus oibríthe eile lasmuigh den tionscal talmhaíochta.

4.5.4 Costais iomlána

Tá costais iomlána an ICT déanta suas de na costais reatha, seasta agus saothair atá léirithe sna codanna thuas. Toisc go socraítear na costais reatha de réir leibhéil ghníomhaíochta tiománaí, is gá an ICT a léiriú le haghaidh an dá leibhéal gníomhaíochta a mheastar i gCuid 4.4.1.

Tábla 4.8: Innéacs Costas Tacsáí 2016

	Leibhéal gníomhaíochta	
	Meastachán CSO	Meastachán Tiománaí
Gné Innéacs	32,624km	49,000km
Costais Reatha	€4,309	€5,825
Costais Seasta	€11,478	€11,478
Costais Saothair	€23,945	€23,945
Costais Iomlána	€39,732	€41,248

4.6 Achoimre agus Conclúid

Tá achoimre déanta thíos i dTábla 4.9 ar na torthaí ón Athbhreithniú Uastáille Tacsáí i 2017 agus iad curtha i gcomparáid leis an aschur ón Athbhreithniú Uastáille Tacsáí i 2014. Measadh gurb é meastachán an CSO ar leibhéal gníomhaíochta tiománaí (27,804km) an ceann is fearr atá ar fáil. Rinneadh figiúir a ríomh ar bhonn Mheastachán an tSuirbhé ar Thiománaithe (62,052km) le haghaidh 2014. Úsáideadh figiúir an CSO agus figiúir na Meastacháin Tiománaithe ar Gníomhaíocht mar gheall ar an difríocht mhór idir an dá thacar figiúr.

Nuashonraíodh an dá thacar áireamh chun na hathruithe ar na bunchostais a léiriú thar an tréimhse idir 2014 agus 2017 ar chúiseanna comparáide. Dar leis na staitisticí is deireanaí ón CSO, tá gníomhaíocht tiománaithe imithe i méid go dtí 32,624km ar an meán, méadú atá 17% níos airde ná meánmheastachán 2014. Go contrártha, thug an Suirbhé ar Mheastacháin Tiománaí le fios ndeachaigh gníomhaíocht tiománaí i laghad síos go meán de 49,000km, laghdú 21% ar mheánghníomhaíocht tiománaithe.

Tábla 4.9: Athruithe coigeartaithe ICT, 2014 - 2016

	Leibhéal Gníomhaíochta 2014 - CSO	Suirbhé 2014 ar Mheastacháin Tiománaithe ar Gníomhaíocht	Leibhéal Gníomhaíochta 2016 - CSO	Meastacháin Tiománaithe ar Gníomhaíocht ó Shuirbhé 2017
Km	27,804km	62,052km	32,624km	49,000km
Bliain	2014	2014	2016	2016
Costais Reatha	€4,026	€7,157	€4,309	€5,825
Costais Seasta	€10,222	€10,222	€11,478	€11,478
Costais Saothair	€24,246	€24,246	€23,945	€23,945
Costais Iomlána	€38,493	€41,984	€39,732	€41,248
Athrú % 2014-2016			+3.22%	-1.75%

Taispeánann an anailís seo gur mhéadaigh costais faoi 3% ó 2014, bunaithe ar mheastachán an NTA féin, ar ghníomhaíocht tacsáí a bhí bunaithe ar shonraí CSO. Thar an tréimhse chéanna chuaigh CPI i laghad faoi 0.3%.

5. Leasú an struchtúr táille

5.1 Leasú an struchtúr táille

Is é ceann de chuspóirí an NTA ná struchtúr reatha an Uastáille Náisiúnta Tacsáí a shimpliú. Dá mbeadh an struchtúr táille níos simplí bheadh sé níos éasca do chustaiméirí costas a dturais a mheas. B'fhéidir go spreagfadh sé sin daoine chun tacsaithe a úsáid.

Tá dhá rogha ann um shimpliú:

- Cuid de na gnéithe táille a bhaint nó a athrú i.e. an táille tosaigh, na taraifí míleáiste, an phréimh oíche agus/nó na nithe breise; agus
- Teach ar mhíniú ar an bpraghsáil féin e.g. caighdeánú a dhéanamh ar na gaoil idir na taraifí míleáiste nó na rátaí caighdeánacha agus oíche agus/nó slánú a dhéanamh ar na táillí tosaigh agus ar na rátaí ina dhiaidh sin i gcomhréir le hincrimintí de 20 cent¹⁴.

Mar chuid den Athbhreithniú Náisiúnta Uastáille i 2014 rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an gcárta rátaí. De bharr an athbhreithnithe sin, simplíodh go mór an cárta táillí i 2015. Ní mholtar aon athruithe ar struchtúr an chárta rátaí mar chuid den athbhreithniú seo.

¹⁴ Ós rud é go méadaíonn an méadar táillí in incrimintí de 20 cent, ciallaíonn sé sin go mbeadh táillí in iolraigh de 20 cent i gcónaí, rud a laghdódh an fhadhb a bhíonn ag tiománaithe agus custaiméirí faoi láthair maidir le mona.

6. Fionnachtana agus conclúidí

Ó cuireadh tús leis i 2006, is é cuspóir struchtúr an Uastáille Náisiúnta Tacsáí ná aon chóras amháin atá simplí agus trédhearcach a bhunú d'úsáideoirí agus do sholáthraithe tacsáí ar fud na hÉireann. Ba chóir go gcinnteodh an córas go bhfaigheadh an tionscal tacsaithe toradh maith ar a chuid oibre, go spreagfaí soláthar breise, go bhfaigheadh custaiméirí luach ar a gcuid airgid agus go gcruthófaí éileamh breise.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá iarracht déanta san Athbhreithniú Náisiúnta Uastáille tuiscint níos fearr a fháil ar na coinníollacha oibriúcháin agus margaidh sa tionscal tacsáí. Tá achoimre tugtha thíos ar thorthaí an Athbhreithnithe.

6.1 Téarnamh an mhargaidh ar siúl

De réir mar a tharlaíonn téarnamh i ngeilleagar na hÉireann tar éis an chúlú eacnamaíochta, tá an t-éileamh ar sheirbhísí tacsáí éirithe seasta. I bhFeabhra 2017, d'fhreagair 39% de dhaoine fásta do shuirbhé teaghlach, ag rá gur úsáid siad tacsáí le sé mhí anuas. Is ionann é sin agus an méid daoine a dúirt gur úsáid siad tacsáí i 2014, figiúr a léirigh laghdú de 20 pointe céatadán ó fhiigiúr 2012. Sonraíonn treochtaí in úsáid tacsáí le 12 mhí anuas, mar a thaispeántar i bhFigiúr 3.4, gur laghdaigh 14% d'úsáideoirí tacsáí a n-úsáid tacsáí, agus gur mhéadaigh 18% díobh a n-úsáid tacsáí. Is iad na príomhfháthanna a luaigh daoine fásta a ndearnadh suirbhé orthu maidir leis an laghdú ar úsáid tacsáí ná nach raibh siad ag dul amach chomh minic (46% díobh siúd a dúirt gur laghdaigh siad a n-úsáid), agus go raibh tacsaithe ró-chostasach (26% díobh siúd a dúirt nár úsáid siad tacsaithe chomh minic). Dúirt 21% de dhaoine fásta a luaigh sa suirbhé nár úsáid siad tacsaithe chomh minic, gurbh é an laghdú ar airgead le caitheamh ba chúis lena laghdú ar úsáid tacsaithe. Is iad na príomhchúiseanna a thug daoine fásta don mhéadú ar a n-úsáid tacsaithe ná go raibh siad 'níos saoire ná mar a bhíodh siad' (33%), go raibh siad ag dul amach níos mó (24%) agus go raibh siad ag taisteal/ag déanamh turas chun na hoibre níos mó (18%). Rinneadh an Suirbhé Teaghlach i bhFeabhra agus i Márta 2017.

Meastar go leanfaidh an fás eacnamaíoch go dtí an chéad Athbhreithniú eile ar Uastáillí ar a laghad. Is dócha go mbeidh tionchar maith aige sin ar an tionscal tacsaithe sna blianta amach romhainn. Bíonn tionchar an-láidir ag gníomhaíochtaí sóisialta agus caithimh aimsire ar an tionscal. Cruthóidh arduithe leanúnacha ar fhostaíocht agus ar chaiteachas tomhaltóirí éileamh breise ar thacsaithe, de réir mar a théarnaíonn an geilleagar.

6.2 Athruithe ar chostais oibriúcháin an tionscail

Rinneadh athbhreithniú bunúsach agus an tInnéacs Costas Tacsaithe (ICT) a ríomh i 2014, ar ghnéithe costais, ar na boinn tuisceana agus ar an modheolaíocht a úsáideadh san uirlis ó bunaíodh i 2006 é. Dá bharr sin, cruthaíodh innéacs a bhí déanta suas de chostais athbhunaithe agus de mhodheolaíocht athbhreithnithe chun críocha an athbhreithnithe sin.

Úsáideadh an mhodheolaíocht chéanna le haghaidh an Athbhreithniú Náisiúnta Uastáille Tacsáí i 2017.

Nuair a chuirtear na ITCanna le haghaidh 2014 agus 2016 i gcomparáid lena chéile ní léir an bhfuil costais imithe i méid nó i laghad mar gheall ar thorthaí contrártha. Braitheann fairsinge an mhéadaithe nó an laghdaithe ar leibhéal gníomhaíochta an tionscail a ndéantar talamh slán de. Ag glacadh le leibhéal gníomhaíochta de 32,624km, bunaithe ar shonraí CSO, is é an méadú ná 3%. Ag glacadh le leibhéal gníomhaíochta de 49,000km, bunaithe ar shuirbhéanna ar thiománaithe tacsáí, ansin tugtar laghdú 2% faoi deara.

Aguisín A – Meastachán a dhéanamh ar Leibhéil Ghníomhaíochta bunaithe ar shonraí CSO

Úsáidtear leibhéil ghníomhaíochta san ICT chun athruithe a ríomh ar na costais oibriúcháin siúd a athraíonn de réir leibhéil ghníomhaíochta, mar shampla breosla, boinn, páirteanna spártha feithicle, agus seirbhísiú. Úsáidtear an fad bliantúil a thaistealaíonn tiománaithe mar athróg ionadach do leibhéil ghníomhaíochta san ICT. Ag glacadh leis go bhfanfaidh na fachtóirí eile go léir seasmhach, is é an tionchar a bhíonn ag laghdú ar leibhéil ghníomhaíochta ná laghdú ar na costais a bhaineann le hoibriú tacsáí agus vice versa.

Is sna sonraí um méid tráchta faoin bPríomhoifig Staidrimh (CSO) ar féidir an fhoinsé is oibiachtúla de shonraí um fad bliantúil feithicle a dhéantar a thaisteal. Measann an CSO fad bliantúil feithicle a dhéantar a thaisteal do thacsaithe, agus úsáid á baint as sonraí ón tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna (NCT), agus ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Teorainn aitheanta a bhaineann le sonraí míléáiste an CSO, áfach, ná go léiríonn siad míléáiste pearsanta agus míléáiste oibre araon. Mar sin, chun leibhéil ghníomhaíochta oibriúcháin a leithlisiú, ní mór míléáiste pearsanta a bhaint den mheastachán CSO.

Is féidir meastachán a dhéanamh ar mhíléáiste pearsanta ar leibhéal cruinn, má bhaintear úsáid as fad bliantúil a thaistealaíonn carranna príobháideacha agus ina dhiaidh sin má bhaintear de an míléáiste bliantúil um thaisteal chun na hoibre. Is féidir na staitisticí a léiríonn an meánfhad comaitéireachta taistealta ag carranna i 2014 a fháil sa Suirbhé Náisiúnta Taistil. Ag glacadh le bliain oibre 48 seachtaine, is é an fad bliantúil a dhéantar a thaisteal agus comaitéireacht á déanamh ná 7,200 ciliméadar. Mar sin, is féidir 8,931km as na 16,131km a thaistealaíonn carranna príobháideacha sa bhliain chéanna, a chur i leith míléáiste phearsanta.

$$\therefore \text{Meánmhéid bliantúil km oibriúcháin 2014} = \text{meánmhéid bliantúil km 2014} \\ - \text{km Pearsanta}$$

$$\therefore \text{Meánmhéid bliantúil km oibriúcháin 2014} = 37,874\text{km}^{15} - 8,931\text{km}$$

$$\therefore \text{Meánfhad bliantúil km oibriúcháin 2012} = 28,943\text{km}$$

B'fhéidir go mbeadh úsáid an fhigiúir le haghaidh 2014 amháin neamhoiriúnach, mar gur athraigh cúinsí an mhargaidh ó 2014. Tá athrú tagtha ar éileamh agus tá soláthar ag crapadh. Mar sin, chun meastachán a dhéanamh ar leibhéil ghníomhaíochta 2017, ní mór na hathruithe ar sholáthar agus ar éileamh a chur san áireamh, agus úsáid á baint as modheolaíocht a ríomhann an t-éileamh thar thréimhsí ama.

Chun éileamh ar thacsaithe a leanúint, ní mór aird a thabhairt ar na cúiseanna le taisteal i dtacsaithe. Insíonn an suirbhé ar thomhaltóirí i 2017 dúinn go ndéantar tuairim is 58% de thaisteal i dtacsaithe le haghaidh cúiseanna sóisialta, 12% le haghaidh cúiseanna gnó, agus go

¹⁵ Foinse: Sonraí CSO - meánmhéid km taistealta (tacsaithe) 2012

ndéantar an chuid eile de na turais le haghaidh siopadóireachta, taistil phearsanta agus le modhanna taistil eile a shroicheadh (e.g. tacsáí go dtí aerfort).

Le haghaidh gach ceann de na fachtóirí sin, is féidir meastachán a dhéanamh ar luaineachtaí éilimh, bunaithe ar innéacsanna ón CSO. Mar shampla, is féidir meastachán a dhéanamh ar ghluaiseachtaí san éileamh míosúil ar thacsaithe le haghaidh cúiseanna siopadóireachta trí húsáid a bhaint as sonraí miondíolacháin an CSO. Le haghaidh gach ceann de na cuspóirí eile, tá sonraí ráithiúla ar fáil chun críocha thaisteal teaghlaigh. Sa tábla thíos tugtar breac-chuntas ar gach cúis, leis na hualaithe ábhartha agus leis na hinnéacsanna a úsáideadh um réamhaisnéisiú.

Tábla A.1: Réamhaisnéisiú éilimh – cuspóir turais

Cúis taistil	Modh réamhaisnéisithe	Ualú
Gnó	CSO: méid turas ag cónaitheoirí na hÉireann – Cúis turais = gnó	8.1%
Siopadóireacht	CSO: Méid an Innéacs Míosúil Miondíolacháin – Gach gnó miondíola seachas gnó carranna agus beáir	8.7%
Sóisialta	CSO: Méid an Innéacs Míosúil Miondíolacháin – Beáir agus Bialanna	48.2%
Pearsanta	CSO: méid turas ag cónaitheoirí na hÉireann – Cúis turais = cuairt a thabhairt ar chairde/ar ghaolta	13.4%
Chun ceangal le críochfoirt iompair	CSO: méid turas ag cónaitheoirí na hÉireann – Cúis turais = saoire, ag dul thar lear	9.7%
Eile	Tairiseach sílte	11.9%

Agus na hinnéacsanna seo á n-úsáid chomh maith lena gcuid ualaithe coibhneasta, is féidir meastachán a dhéanamh ar luaineachtaí in éileamh ar thacsaithe bunaithe ar chúiseanna leis an turas. Mar sin, ríomhtar fachtóir éilimh 2017 bunaithe ar an meán ualaithe de na gluaiseachtaí a tugadh faoi deara sna hinnéacsanna seo ó 2014. Ríomhadh fás 8.6% ar éileamh ar sheirbhísí tacsáí ar an mbonn sin, agus tugann sé sin fachtóir éilimh atá comhionann le 108.65.

Is í an chéad chéim eile chun leibhéil ghníomhaíochta 2017 a shocrú ná soláthar a chur san áireamh. Laghdaigh an méid tacsaithe atá i mbun oibre in Éirinn ó rinneadh toirmeasc ar cheadúnais nua d'fheithiclí nach bhfuil oiriúnach do chathaoir rothaí i 2010. Is gá é seo a chur san áireamh nuair atáthar ag ríomh leibhéil ghníomhaíochta reatha, toisc gurb é an toradh a bheidh ar níos lú ceadúnas ná níos mó gníomhaíochta in aghaidh feithicle, má tá gach fachtóir eile buan. Ó 2014, tá laghdú tagtha ar líon na dtacsaithe ó 17,844 síos go dtí 17,146 nó 3.6%.¹⁶ Mar sin, tá an fachtóir éilimh le haghaidh 2014 comhionann le 96.4, nach mór.

I gcomhthéacs chúrsaí éilimh agus soláthair atá luaite thuas, is féidir fad bliantúil a ríomh agus an fhoirmle seo a leanas á húsáid:

$$\therefore \text{Meánmhéid bhliantúil km oibriúcháin 2017} = 28,943\text{km} \times \frac{(\text{fachtóir éilimh 2014})}{(\text{soláthair fachtóir 2014})}$$

$$\therefore \text{Meánmhéid bliantúil km oibriúcháin 2017} = 28,943\text{km} \times 108.65/96.4$$

$$\therefore \text{Meánmhéid bliantúil km oibriúcháin 2014} = 32,624\text{km}$$

¹⁶ Suíomh gréasáin an Údarás Náisiúnta Iompair

Aguisín B – Athruithe ar ICT: 2010 - 2014

Agus úsáid á baint as an modheolaíocht agus na boinn tuisceana a cuireadh i bhfeidhm in ICT 2014, is féidir meastachán a dhéanamh ar innéacsanna inchomparáide le haghaidh na mblianta 2010 – 2012. Tá coigeartú pro-rata déanta le haghaidh na leibhéal gníomhaíochta. Cosúil leis sin, baintear costais saothair ó shonraí SCTUF ón CSO, de réir mhodheolaíocht 2014.

Taispeántar na torthaí iomlána ón gníomhaíocht seo i dTábla B.1 agus i dTábla B.2. Léiríonn Tábla B.1 an ICT le haghaidh an leibhéal ghníomhaíochta 27,804km, agus léiríonn Tábla B.2 an ICT le haghaidh an leibhéal ghníomhaíochta 50,740km.

Tábla B.1: ICTanna Stairiúla inar Úsáideadh Meastacháin Sonraí (sonraí CSO)

Gné	Figiúr 2010	Figiúr 2012	Costas 2014 (27,804km)	Costas 2017 (32,624km)
Breosla	€1,608.94	€2,061.39	€1,950	€1918
Seirbhísiú	€573.97	€ 554.65	€353	€437.00
Glanadh	€804.00	€776.94	€892.00	€988.00
Boinn	€271.63	€273.80	€278.00	€373.00
Páirteanna spártha	€239.95	€241.88	€252.00	€294.00
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€318.00	€313.17	€300.00	€300.00
Costais Reatha Iomlána (27,804km)	€3,816.48	€4,221.83	€4,026.00	€4,309.00
Ceannach agus Maoiniú Cairr	€2,550.65	€2,677.55	€3,014.00	€3,534.00
Árachas	€1,679.00	€1,951.00	€1,817.00	€2,400
Cíos Raidió	€4,659.00	€4,600.00	€4,628.00	€4,752
Soláthar Treailaimh Nua – riachtanais rialála	€168.59	€265.41	€298.00	€298.00
Athnuachan an Cheadúnais Fheithicil Tacsáí	€125.00	€125.00	€125.00	€150
Cáin Bhóthair	€ 82.00	€88.00	€95.00	€95.00
Táillí Aerfoirt	€36.73	€36.62	€35.48	€38.00
Tástáil NCT	€50.00	€73.56	€66.00	€67.00
Fíorú Méadair	€45.00	€46.13	€43.00	€43.00
Calabrá agus Clárú Méadair	€30.00	€45.00	€45.00	€45.00
Ceadúnas Tiomána SPSV	€50.00	€50.00	€50.00	€50.00
Ceadúnas Náisiúnta Tiomána	€ 2.50	€2.50	€5.50	€6.00
Costais Seasta Iomlána	€9,478.47	€9,960.76	€10,221.50	€11,4785.00
Costais Saothair	€24,846.56	€25,712.28	€24,246.0	€23,945.00
Iomlán an ICT	€38,141.51	€ 39,894.88	€38,493.00	€39,732.00

Tábla B.2: ICTanna Stairiúla inar úsáideadh Meastachán an tSuirbhé ar Thiománaithe

Gné	Figiúr inchomparáide 2010	Figiúr inchomparáide 2012	Costas 2014 (62,052km)	Costas 2017 (49,000km)
Breosla	€1,608.94	€2,061.39	€4,352.00	€2881.00
Seirbhísiú	€573.97	€554.65	€798.00	€656.00
Glanadh	€804.00	€776.94	€892.00	€988.00
Boinn	€271.63	€273.80	€621.00	€560.00
Páirteanna spártha	€239.95	€241.88	€563.00	€441.00
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€318.00	€313.17	€300.00	€300.00
Costais Reatha Foriomlána (50,740km)	€3,816.48	€4,221.83	€7,517.00	€5,825.00
Ceannach agus Maoiniú Cairr	€2,550.65	€2,677.55	€3,014.00	€3,534.00
Árachas	€1,679.00	€1,951.00	€1,817.00	€2,400
Cíos Raidió	€4,659.00	€4,600.00	€4,628.00	€4,752
Soláthar Trealaimh Nua – riachtanais rialála	€168.59	€265.41	€298.00	€298.00
Athnuachan an Cheadúnais Fheithicil Tacsáí	€125.00	€125.00	€125.00	€150
Cáin Bhóthair	€ 82.00	€88.00	€95.00	€95.00
Táillí Aerfoirt	€36.73	€36.62	€35.00	€38.00
Tástáil NCT	€50.00	€73.56	€66.00	€67.00
Fíorú Méadair	€45.00	€46.13	€43.00	€43.00
Calabrá agus Clárú Méadair	€30.00	€45.00	€45.00	€45.00
Ceadúnas Tiomána SPSV	€50.00	€50.00	€50.00	€50.00
Ceadúnas Náisiúnta Tiomána	€2.50	€2.50	€5.50	€6.00
Costais Seasta Iomlána	€9,478.47	€9,960.76	€10,221.50	€11,478.00
Costais Saothair	€24,846.56	€25,712.28	€24,246.24	€23,945.00
Iomlán an ICT	€38,141.51	€39,894.88	€41,984.00	€41,248.00

Léiríonn torthaí na hanailíse stairiúla gur tháinig méadú ar an ICT atá ríofa ar bhonn 2014, ó bhí 2010 ann. Tá costais seasta agus costais reatha araon imithe i méid, ach mar gheall an laghdú ar phá ar fud an gheilleagair thar an tréimhse seo, tá laghdú tagtha ar dheischostas saothair. Taispeántar na hathruithe ar chostais le haghaidh na dtrí chatagóir costais thar an tréimhse idir 2010 go dtí 2014 i dTábla B.3.

Tábla B.3: Athruithe ICT ó 2010

Bliain	2010 - 2014	2012 - 2014
Athruithe % ar Chostais Reatha	4.2%	-5.8%
Athruithe % ar Chostais Seasta	7.5%	2.3%
Athruithe % ar Chostais Saothair	-2.4%	-5.7%
Athrú % iomlán (gníomhaíocht) CSO	0.7%	-3.7%
Athrú % iomlán Meastachán Gníomhaíochta ón Suirbhé Tiománaí CSO	1.8%	-3.3%